COMHAIRLE CATHRACH CHORCAÍ
CORK CITY COUNCIL

An Stiúrthóireacht Bóithre agus Iompair – An Rannóg Iompair
. Teil: 021-4924420, Facs: 021- 4924024

FOIRM HS IARRATAS AR CHEADÚNAS CHUN CLÁRLACH NÓ SCAFALRA A CHROCHADH, A THÓGÁIL, A CHUR AGUS A CHOIMEÁD AR BHÓTHAR POIBLÍ/ AR CHOSÁN

Iarratas ar: **Ceadúnas Clárlaigh** ☐ **Ceadúnas Scafalra** ☐ **(CUIR TIC I mBOSCA AMHÁIN)**

Iarratas ar Cheadúnas Nua ☐ **Síneadh ar Cheadúnas Reatha** ☐ **Uimh. an Cheadúnais Bhunaidh** _____

Iarratasóir: _____ **Tag. Iarratasóra:** _____

Seoladh an Iarratasóra: _____

_____

Uimh. Theileafóin Teagmhála: _____ **Uimh. Facs:** _____ **Ríomhphost:** _____

Más gá do chonraitheoir na hoibreacha a dhéanamh, déan an méid seo a leanas a chomhlánú:-

Ainm an Chonraitheora: _____

Seoladh an Chonraitheora: _____

Uimhir Theileafóin: _____ Uimhir Facs: _____ Uimhir Theileafóin Póca: _____

Láthair bheacht na n-oibreacha atá molta: _____

Cuspóir na nOibreacha: _____

	BÓTHAR	**COSÁN**
Leithead Reatha:	_____ **méadar**	_____ **méadar**
Leithead Uasta an Scafalra/ an Chlárlaigh Beartaithe:	_____ **méadar**	_____ **méadar**
Fad Iomlán an Scafalra/ an Chlárlaigh Beartaithe:	_____ **méadar**	_____ **méadar**

An mbeidh éifeacht ar Bhánna Páirceála Dioscaí: Beidh ☐ Ní bheidh ☐

Má bhíonn, cé mhéad? _____

An bhfuil an obair ag cloí le Fógra um Fhoirgneamh Contúirteach: Tá ☐ Níl ☐ Má Tá, cuir cóip den fhógra faoi iamh

An mbeidh éifeacht ar Chrainn nó an bhfuil siad lonnaithe cóngarach don Scafalra / Chlárlach: Tá ☐ Níl ☐ Féach Coinníoll 9

An mbeidh éifeacht ar Shoilse Tráchta / Caighdeáin Soilsithe Poiblí: Beidh ☐ Ní Bheidh ☐ Féach Coinníoll 9

An mbeidh éifeacht ar Hiodraint Dóiteáin: Beidh ☐ Ní Bheidh ☐ Féach coinníoll 8

An bhfuil Grianghraif Réamhthógála faoi iamh: Tá ☐ Níl ☐ Féach Coinníoll 11

An Bhfuil Gá le Scip: Tá ☐ Níl ☐ Má Tá, comhlánaigh Foirm SPL le do thoil.

An dáta a bheartaítear an Scafalra/Clárlach a chrochadh: _____

An dáta a bheartaítear an Scafalra/Clárlach a thógáil anuas: _____

NÍ MÓR AN MÉID SEO A LEANAS A CHUR LEIS AN IARRATAS SEO:

(i) Plean / léaráid mionsonraithe a léiríonn láthair an Chlárlaigh/Scafalra beartaithe agus na toisí cruinne a bheidh aige.
(ii) Ráiteas maidir le Modh Oibre/Plean Bainistíochta Tráchta. (Féach Nóta 1)
(iii) Plean Bainistíochta do Choisithe (Féach Nóta 2)
(iv) Cóip d'Fhormhuiniú Polasaí Árachais. (Féach Nóta 3)
(v) Táille Iarratais. (Féach Nóta 4)
(vi) Grianghraif Réamhthógála (Féach Coinníoll 11)

Déanaim iarratas leis seo ar cheadúnas chun clárlach / scafalra a chrochadh, a thógáil, a chur agus a choimeád ar an mbóthar poiblí ag an láthair atá sonraithe thuas. Aontaím a bheith faoi cheangal ag na coinníollacha ginearálta atá sonraithe mar aon le haon choinníollacha sonracha arna bhforchur ag Comhairle Cathrach Chorcaí agus go gcomhlíonfaidh mé forálacha an Ráitis maidir le Modh Oibre/ an Phlean Bainistíochta Tráchta / an Phlean Bainistíochta do Choisithe atá comhaontaithe.

Beidh mé faoi dhliteanas go haonarach agus déanfaidh mé Comhairle Cathrach Chorcaí a shlánú ó gach éileamh agus i gcoinne gach éilimh maidir le gortú nó díobháil do dhaoine nó do mhaoin a d'fhéadfadh tarlú de dhroim na ngníomhaíochtaí atá mar ábhar an iarratais seo agus/nó a d'fhéadfaí tarlú de dheasca gníomhaíochtaí a bhaineann le nó a eascraíonn as an iarratas seo nó i gcoinne gach gníomh nó imeacht is féidir a thabhairt in aghaidh Chomhairle Cathrach Chorcaí mar gheall ar an ngortú nó ar an díobháil sin agus i gcoinne gach costas agus dliteanas lena mbaineann.

Teagmhálaí Saincheaptha/ Comhordaitheoir Sábháilteachta agus Sláinte ar an láithreán:

_____

Uimh. Fhóin Phóca: _____ Uimh. Theileafóin san Oíche _____

(BLOCLITREACHA)

Dáta : _____ Sínithe: _____

AINM: (BLOCLITREACHA) _____

Déanfar Ceadúnas Clárlaigh / Scafalra a eisiúint faoi réir na gCoinníollacha Ginearálta seo a leanas.

1 Níl an Ceadúnas seo inaistrithe.

2 Ní dhéanfar aon obair ar Chlárlach / Scafalra a chrochadh sula n-eiseoidh Comhairle Cathrach Chorcaí Ceadúnas.

3 Déanfar an Clárlach / Scafalra a chrochadh ar shlí a áiritheoidh nach gcruthófar guais don phobal is cuma cad iad na dálaí oibre agus comhshaoil is dócha a bheidh ann.

4 Agus an obair lena mbaineann an ceadúnas seo á déanamh, déanfaidh an ceadúnaí gach iarracht réasúnta gan bac a chur ar choisithe ná ar thrácht feithiclí. Ní mór lámhráillí oiriúnacha agus rampaí neamhshleamhnánacha a chur timpeall na hoibreacha. Níor cheart, go háirithe, guais a chruthú d'úsáideoirí an bhóthair/an chosáin phoiblí atá dall nó dall i bpáirt. Ní dhéanfar an pobal a choinneáil amach ó aon chuid den chosán go dtí go ndéantar ardán, lámhráille srl a chur ar fáil chun sástacht Chomhairle Cathrach Chorcaí.

5 Ní foláir nó go mbeidh an Clárlach / Scafalra soilsithe go cuí i rith uaireanta an dorchadais, ní foláir nó go mbeidh sé sábháilte agus slán agus go nglacfar le gach réamhchúram chun bac a chur ar rochtain neamhúdaraithe.

6 Mura dtugtar cead sainráite sa cheadúnas seo, ní fhéadfaidh an tIarratasóir a chur faoi deara aon bhillí, fógraí, páipéir ná fógráin d'aon chineál a chrochadh ar aon chlárlach, scafalra ná sconsa, cead a thabhairt iad a chrochadh ná iad a fhágáil crochta.

7 Ní mór gach réamhchúram a chur i bhfeidhm chun a chinntiú nach ndéantar silteáin agus cainéil sráide a thachtadh, a chlúdach ná bac a chur orthu le linn na hoibre.

8 Ní foláir nó go mbeidh hiodraint dóiteáin infheicthe, nuair is féidir, i gcuasa cruthaithe. I gcás nach féidir le hiodrant dóiteáin a bheith nocht, ní mór cead a lorg ón bPríomhoifigeach Dóiteáin, Comhairle Cathrach Chorcaí, sula gclúdaítear é.

9 Ní féidir soilsiú poiblí/comharthaí tráchta/crainn a bheith iata gan cead a fháil ó Chomhairle Cathrach Chorcaí.

10 Ní dhéanfar ábhar ar bith a thaisceadh nó a stóráil ar an mbóthar poiblí.

11 Sula ndéanfar oibreacha a thosú, beidh sraith grianghraf daite (5x7 ar a laghad) ag teastáil gach 10 méadar feadh líne an Chlárlaigh /Scafalra agus caithfear iad a chur isteach mar chuid den iarratas. Déanfar sraith grianghraf a ghlacadh ag baint úsáide as ceamara 35mm agus cuirfear na priontaí ar fáil in albaim atá catalógaithe agus crostagartha. Má theiptear fianaise fhótagrafach dá leithéid a chur ar fáil roimh ré beidh sé ina dhearbhú do Chomhairle Cathrach Chorcaí go bhfuil gach limistéar faoina cúram, a mbeidh éifeacht ag an ngníomhaíocht/ imeacht orthu nó atá cóngarach dóibh, i riocht foirfe.

12 Ní mór do gach geata nó doras sa Chlárlach beartaithe a bheith ag oscailt isteach. Ní mór gach coirnéal nochta a bheith spréite.

13 Ní mór glanspás íosta de 1.2 méadar a chur ar fáil idir cuaillí an scafalra. Mar rogha air sin, ní mór foráil a dhéanamh do choisithe ar mhalairt slí, agus daoine a bhfuil lagú gluaiseachta nó amhairc acu a thabhairt san áireamh go háirithe.

14 Ní mór cuaillí an scafalra a chosaint chun a chinntiú nach mbíonn aon starracht ná bac ann do choisithe. Ní mór téip fluaraiseach codarsnach a fheistiú chun infheictheacht a fheabhsú.

15 Ní mór bonnphláta a chur ar gach cuaille scafalra chun an bóthar poiblí a chosaint.

16 Beidh an chéad ardán i Scafalra dlúthbhrataithe agus beidh sé ar a laghad 2.2 méadar os cionn an leibhéal talún reatha.

17 Forchoimeádann Comhairle Cathrach Chorcaí an ceart iarraidh ar iarratasóir comhaontú Éarlaise a dhéanamh roimh thús a chur leis na hoibreacha. Beidh méid na héarlaise bunaithe ar an gcostas measta a bhaineann le 50% den limistéar cuimsithe a chur chun feidhme in athuair ar bhonn buan, limistéar atá iata ag an gClárlach/ Scafalra de réir Aguisín VIII de "The Directions for the Control and Management of Roadworks in Cork City".

18 Ar thabhairt chun críche na n-oibreacha, beidh an bóthar athchóirithe, agus beidh aon díobháil curtha ina cheart chun sástacht Chomhairle Cathrach Chorcaí. I gcás mainneachtana, is féidir le Comhairle Cathrach Chorcaí oibreacha ar bith atá riachtanach a dhéanamh agus an costas a bhaineann leo a fháil ar ais ón Iarratasóir/Éarlais.

19 Ní mór don Iarratasóir fianaise a sholáthar de chumhdach Árachas Fostóra agus Dliteanais Phoiblí le haghaidh teorainneacha nach lú ná €13 milliún agus €6.5 milliún faoi seach maidir le dliteanas dlí i gcás gortaithe coirp nó éilimh tríú páirtí mar gheall ar dhíobháil maoine a tharlódh de dhroim na ngníomhaíochtaí, atá mar ábhar an iarratais seo, ar feadh tréimhse an cheadúnais. Ní mór na polasaithe a shíneadh chun Comhairle Cathrach Chorcaí a shlánú. Coimeádann Comhairle Cathrach Chorcaí an ceart athbhreithniú a dhéanamh ar an teorainn slánaithe seo maidir le leordhóthanacht. Seolfar an polasaí árachais isteach i gcomhair cigireachta sula n-eiseofar an Ceadúnas. Tá ceanglas ar an gceadúnaí polasaí bailí a choimeád i rith thréimhse an cheadúnais.

20 Féadfaidh Comhairle Cathrach Chorcaí an Ceadúnas a tharraingt siar má sháraítear aon chuid de na coinníollacha atá leagtha síos anseo. Seolfar fógra aistarraingthe chuig an Iarratasóir. Sa chás sin, déanfaidh an tIarratasóir an Clárlach / an Scafalra a bhaint go hiomlán laistigh den am atá sonraithe san fhógra, ar a chostas féin. Má dhéantar mainneachtain i mbaint iomlán dá leithéid, beidh Comhairle Cathrach Chorcaí i dteideal an Clárlach/an Scafalra a bhaint ar chostas an Iarratasóra.

21 Sa chás go ndéanfaidh Comhairle Cathrach Chorcaí ceadúnas Clárlaigh/Scafalra a aistarraingt ag am ar bith; ní bheidh an t-iarratasóir i dteideal táille ar bith a íocadh ar cheadúnas dá leithéid, ná costais, ná damáistí ná cúiteamh ar bith a fháil ar ais ó Chomhairle Cathrach Chorcaí.

22 Is faoin Iarratasóir a bheidh sé íoc as gach costas a bhaineann leis an gCeadúnas.

23 Sa chás go gcuireann Clárlach/Scafalra go mór isteach ar bhóthar poiblí nó go bhfuil baol ann go ndéanfar sreabhadh tráchta a shrianadh, tharlódh sé go n-iarrfaí ar an Iarratasóir freastal ar “Chruinniú Rialaithe Tráchta” sular féidir aon dul chun cinn a dhéanamh i leith an iarratais.

Tabhair faoi deara: Ní mór iarratas ar cheadúnas a chur isteach 14 lá ar a laghad roimh thionscnamh molta na n-oibreacha.

Nóta 1: Ráiteas maidir le Modh Oibre / Plean Bainistíochta Tráchta

Sa chás go moltar Clárlach/Scafalra a lonnú ar bhóthar poiblí ní mór Ráiteas maidir le Modh Oibre / Plean Bainistíochta Tráchta, lena n-áireofar an méid seo a leanas, a chur isteach:

- Socruithe molta chun tionchar íosta ar shreabhadh tráchta a áirithiú.
- Socruithe le haghaidh seachadtaí láithreáin, lena n-áireofar sriantaí ar am an lae, socruithe scuaineála feithiclí srl.
- Foráil a dhéanamh chun ábhair srl a stóráil.

Nóta 2: Plean Bainistíochta do Choisithe

Sa chás go mbeartaítear Clárlach/ Scafalra a chuirfidh isteach ar ghluaiseacht coisithe ar chur ar bhóthar phoiblí, ní mór Plean Bainistíochta do Choisithe, lena n-áireofar an méid seo a leanas, a chur isteach:

- Socruithe maidir le Malairtí Slí do Choisithe lena n-áireofar cosáin shealadacha, rampaí, comharthaíocht, fálú srl.

Nóta 3: Ceanglais Árachais

Ní mór don cheadúnaí fianaise a sholáthar de chumhdach Árachas Fostóra agus Dliteanais Phoiblí le haghaidh teorainneacha nach lú ná €13 milliún agus €6.5 milliún faoi seach maidir le dliteanas dlí i gcás gortaithe coirp nó éilimh tríú páirtí mar gheall ar dhíobháil maoine a tharlódh de dhroim na ngníomhaíochtaí, atá mar ábhar an iarratais seo, ar feadh tréimhse an cheadúnais. Ní mór na polasaithe a shíneadh chun Comhairle Cathrach Chorcaí a shlánú. Coimeádann Comhairle Cathrach Chorcaí an ceart athbhreithniú a dhéanamh ar an teorainn slánaithe seo maidir le leordhóthanacht. Seolfar an polasaí árachais isteach i gcomhair cigireachta sula n-eiseofar an Ceadúnas. Tá ceanglas ar an gceadúnaí polasaí bailí a choimeád i rith thréimhse an cheadúnais.

Nóta 4: Táille Iarratais

Ní mór Táille Iarratais neamh-in-aisíoctha de € 110 a bheith le gach iarratas.

Nóta 5: Táillí

Féach Aguisín VII de “The Directions for the Control and Management of Roadworks in Cork City" le haghaidh táillí reatha.

COMHAIRLE CATHRACH CHORCAÍ
CORK CITY COUNCIL

An Stiúrthóireacht Bóithre agus Iompair – An Rannóg Iompair

SEOMRA 335, HALLA NA CATHRACH, CORCAIGH.
Teil: 021-4924420 , Facs: 021- 4924024

DEARBHÚ ÁRACHAIS

MAIDIR LE: IARRATAS AR CHEADÚNAS CHUN BOIRD AGUS CATHAOIREACHA A CHUR AR AN MBÓTHAR POIBLÍ/ AR AN gCOSÁN

- ACHT NA MBÓITHRE, 1993 - ALT 71

Dearbhaím leis seo go ndéantar foráil sa pholasaí árachais a leagtar síos anseo chun Comhairle Cathrach Chorcaí a shlánú i gcoinne éilimh tríú páirtí a eascraíonn ó úsáid atá á baint agamsa as an mbóthar poiblí/ as an gcosán i leith an limistéir Cheadúnaithe.

Tá ceanglas ar an gCeadúnaí polasaí bailí a choimeád i rith thréimhse an cheadúnais.

Iarratasóir: _____

An seoladh ag a bhfuil iarratas á dhéanamh ar Cheadúnas: _____

_____

Ainm na Cuideachta Árachais: _____

Uimhir an Pholasaí: _____

Dáta Éaga: _____

Luach: _____

Síniú: _____ Dáta: _____

TABHAIR FAOI DEARA:

CUIR CÓIP DE DO PHOLASAÍ ÁRACHAIS FAOI IAMH LEIS AN IARRATAS SEO FREISIN

LÉARÁID DEN PHLEAN AR A BHFUIL TOISÍ

Úsáid oifigiúil amháin

Táille Iarratais:	**€ 110**	**Táille Clárlaigh:**	**€**
Uimhir na hAdmhála:		**Táille Scafalra:**	**€**
Uimhir na hIarmhairte		**Táille Páirceála:**	**€**
Moratóirí Oibreacha Bóthair:		**Éarlais:**	**€**
Uimhir Thagartha Iarratais:	**HS / / '0**	**IOMLÁN:**	**€**
		Uimhir na hAdmhála:	
		Dáta Eisiúna an Cheadúnais:	